**PREASEISIÚINT**
270/17
18/05/2017

# “Tá an tAontas tiomanta i gcónaí do neartú na slándála agus na cosanta”: Glacann an Chomhairle conclúidí

**Not Found**

The resource could not be found.

Ghlac an Chomhairle conclúidí maidir le **slándáil agus cosaint** i gcomhthéacs **Straitéis Dhomhanda an Aontais Eorpaigh**. Sna conclúidí aithnítear an dul chun cinn atá déanta ó thaobh an comhar a neartú i réimse na slándála agus na cosanta, agus leagtar amach treoir don obair amach anseo. Áirítear ar na réimsí a chumhdaítear:

**- Feabhas a chur ar struchtúir bainistithe géarchéime CBSC**, go háirithe an obair atá á déanamh chun **cumas míleata pleanála agus seolta** (**MPCC**) a bhunú i bhfoireann mhíleata an Aontais (mar chuid den tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí), agus a bheidh i gceannas mhisin mhíleata neamhfheidhmiúcháin CBSC (faoi láthair: EUTM an tSomáil, EUTM RCA, EUTM Mailí), mar a comhaontaíodh an 6 Márta 2017;

- **Comhar CBSC a neartú le tíortha comhpháirtíochta**, agus é mar aidhm cur chuige níos straitéisí a ghlacadh i ndáil le **comhpháirtíochtaí** an Chomhbheartais Slándála agus Cosanta, d’fhonn an comhar a fheabhsú, ag díriú ar thíortha comhpháirtíochta ar mór acu freisin na luachanna is dual don Aontas, lena n-áirítear an urraim don dlí idirnáisiúnta, agus tíortha atá in ann agus atá toilteanach rannchuidiú le misin agus oibríochtaí CBSC;

- **Fothú acmhainní don tslándáil agus don fhorbairt** (CBSD), d’fhonn gach ceanglas a chumhdach go hiomlán chun tacaíocht a thabhairt do thíortha comhpháirtíochta le go mbeidh siad in ann géarchéimeanna a chosc agus a bhainistiú iad féin;

- **Cumais shibhialta a fhorbairt** agus **freagrúlacht bainistithe géarchéime sibhialtaí a fheabhsú**, lena n-áirítear go bhféadfaí croí-acmhainn freagrúlachta a bhunú;

- **Mearfhreagairt mhíleata a neartú**, lena n-áirítear **cathghrúpaí an Aontais**, d’fhonn a thuilleadh forbartha a dhéanamh, ar bhealach pragmatach, ar a módúlacht agus chun na socruithe maoiniúcháin a chur in oiriúint de réir mar is gá;

- **Comhar cosanta na hEorpa a dhoimhniú,** measúnú a dhéanamh agus treoir a chur ar fáil maidir leis an mbealach ar aghaidh

- i ndáil le **buanchomhar struchtúrtha** cuimsitheach (**PESCO**), lena gcuirfí ar chumas na mBallstát sin atá toilteanach agus in ann leanúint den chomhoibriú lena chéile i réimse na slándála agus na cosanta, agus lena gcabhrófaí le hiarrachtaí comhpháirteacha eile, comhar breise agus tionscadail eile a chruthú.
- go bhféadfaí athbhreithniú bliantúil comhordaithe, ar bonn deonach, a dhéanamh ar an gCosaint (**CARD**), a bheadh mar phróiseas chun léargas níos fearr a fháil, ar leibhéal an Aontais, ar an gcaiteachas ar chosaint, an infheistíocht náisiúnta agus na hiarrachtaí i dtaca le taighde ar chosaint. Leis sin, thabharfaí tacaíocht do na Ballstáit chun acmhainní a sholáthar le déileáil le treochtaí agus dúshláin straitéiseacha anois agus amach anseo agus chun an comhar cosanta a chur chun cinn agus a fheabhsú ar bhealach gníomhach i measc na mBallstát.
- an **Plean Gníomhaíochta Eorpach um Chosaint** ón gCoimisiún Eorpach, lena bhforáiltear d’uirlisí nua airgeadais i ndáil le forbairt cumais agus comhar cosanta chun tacú le tionscal cosanta na hEorpa agus leis an nuálaíocht teicneolaíocha.

- Conclúidí ón gComhairle maidir le Slándáil agus Cosaint i gcomhthéacs Straitéis Dhomhanda an Aontais Eorpaigh

## Cúlra

Ar an 14 Samhain 2016, ghlac an Chomhairle conclúidí maidir le straitéis dhomhanda an Aontais Eorpaigh a chur chun feidhme i réimse na slándála agus na cosanta. Leagtar amach leis na conclúidí sin méid na huallmhéine, is é sin na príomhaidhmeanna is mian leis an Aontas agus na Ballstáit a bhaint amach i réimse na slándála agus na cosanta. Leag an Chomhairle trí thosaíocht straitéiseacha amach: freagairt do choinbhleachtaí seachtracha agus do ghéarchéimeanna seachtracha, cur le hacmhainní na

gcomhpháirtithe, agus an tAontas Eorpach agus saoránaigh an Aontais a chosaint. Aithníodh an dul chun cinn agus cuireadh treoir bhreise ar fáil trí bhíthin na gconclúidí ón gComhairle ar an 6 Márta 2017.

Rinne an tArdionadaí, ag gníomhú di ina cáil mar Leas-Uachtarán ar an gCoimisiún Eorpach agus mar Cheann na Gníomhaireachta Eorpaí um Chosaint freisin, an plean cur chun feidhme maidir le cúrsaí slándála agus cosanta a chur faoi bhráid na mBallstát. Is cuid é den obair leantach ar straitéis dhomhanda an Aontais Eorpaigh maidir leis an mbeartas eachtrach agus slándála a chuir an tArdionadaí faoi bhráid na Comhairle Eorpaí ar an 28 Meitheamh. Ghlac an Chomhairle conclúidí maidir leis an straitéis dhomhanda ar an 17 Deireadh Fómhair 2016.

Tá i gceist freisin le cur chun feidhme straitéis dhomhanda an Aontais Eorpaigh breis oibre a dhéanamh ar athléimneacht a fhorbairt agus ar chur chuige comhtháite a fhorbairt i leith coinbhleachtaí agus géarchéimeanna, an nasc a neartú idir beartais inmheánacha agus beartais sheachtracha, straitéisí réigiúnacha agus téamacha a thabhairt chun dáta nó straitéisí nua den sórt sin a ullmhú agus iarrachtaí a threisiú i dtaca le taidhleoireacht leis an bpobal.

- Comhar AE maidir leis an tslándáil agus leis an gcosaint (cúlra faisnéise)

**Press office - General Secretariat of the Council of the EU**
Rue de la Loi 175 - B-1048 BRUSSELS - Tel.: +32 (0)2 281 6319
press@consilium.europa.eu - www.consilium.europa.eu/press